Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018
(OR. en)

8213/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0381 (COD)**

CODEC 604
ENER 123
ENV 242
TRANS 159
ECOFIN 348
RECH 144
IA 106

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtacht fuinnimh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

## Ráiteas ón tSualainn

Tá méadú ag teacht ar thábhacht ról na bhfoirgneamh sa chóras fuinnimh agus thacaigh an tSualainn den chuid is mó le treoir athbhreithnithe maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh chun foirgnimh a chomhtháthú leis an gcóras fuinnimh ar dhálaí margadhbhunaithe. Dar linne, ba cheart go mbeadh feithiclí leictreacha ina n-infheistíocht shábháilte agus ba cheart deireadh a chur le bacainní ar fheithiclí leictreacha, mar shampla trí bhonneagar luchtaithe a leathnú.

Mar sin féin, tá an baol ann go mbeidh costas mór ag baint leis an gcomhréiteach le Parlaimint na hEorpa in Airteagal 8 2a, lena n-éilítear líon íosta pointí athluchtaithe a shuiteáil faoin 1 Eanáir 2025 agus ní léir a mhéid a chuireann an t-éileamh le spriocanna bunaithe ná a mhéid a eascraíonn tairbhí eile as. Tugann an tSualainn dá haire go ndearnadh an fhoráil a leathnú go suntasach, ní hamháin go foirgnimh nua neamhchónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu agus ag a bhfuil os cionn fiche ionad páirceála acu ach go foirgnimh neamhchónaithe go léir den chineál sin. Is oth go mór leis an tSualainn gur cuireadh an fhoráil sin isteach gan measúnú tionchair a cheadú ar na costais agus na tairbhí.

**<u>Ráiteas ón nGearmáin</u>**

<u>Re. Airteagal 10(6a) nua:</u>

Le forálacha Airteagal 10(6a) ní fhorchuirtear aon oibleagáid chun bunachair sonraí a leagan amach le haghaidh teastas feidhmíochta fuinnimh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil bunachair sonraí deonach. Dearbhaítear é sin le haithris 34.

<u>Re. Iarscríbhinn I Uimh. 2</u>

I ndáil leis an bhfuinneamh a sholáthraítear tríd an iompróir fuinnimh (cianfhoinsí fuinnimh), agus príomhthosca fuinnimh á ríomh, féadfaidh na Ballstáit foinsí in-athnuaite a chur san áireamh ar bhealach lena dtógfar sciar an fhuinnimh in-athnuaite san eangach náisiúnta ina hiomláine (meascán fuinnimh) mar bhunús. Maidir leis an bhfuinneamh a ghintear agus a úsáidtear ar an láthair nó gar don láthair, féadfaidh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar bhonn aonair agus príomhthosca fuinnimh á ríomh le haghaidh iompróirí fuinnimh.

**<u>Ráiteas ó Lucsamburg</u>**

Is díol sásaimh do Lucsamburg an comhaontú i ndáil leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Mar sin féin, measann Lucsamburg gur réamhchoinníoll é pointí athluchtaithe a shuiteáil do charranna leictreacha chun an earnáil sin a fhorbairt. Dá bhrí sin, is oth le Lucsamburg, i dtéacs deiridh na treorach go bhfuil easpa uaillmhéine ann ar an iomlán i ndáil le pointí athluchtaithe do charranna leictreacha i bhfoirgnimh phoiblí atá ann cheana féin agus i bhfoirgnimh phoiblí nua mar aon le foirgnimh phríobháideacha.

## **Ráiteas ón gCróit**

Tacaíonn an Chróit go ginearálta le cuspóirí na treorach athbhreithnithe maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, leis an bhfís chun foirgnimh a dhícharbónú faoi 2050 agus le méadú ar úsáid teicneolaíochtaí cliste i stoc tógála an Aontais, chomh maith le forbairt theicniúil a chomhtháthú agus leictrea-shoghluaiseacht a chur chun cinn.

Ní féidir linn, áfach, tacú leis na forálacha in Airteagal 14(4) agus in Airteagal 15(4) maidir le huathoibriú fuinnimh agus córais rialaithe a shuiteáil le haghaidh foirgneamh neamhchónaithe go léir faoi 2025. Creidimid go láidir gur cheart é sin a theorannú go foirgnimh neamhchónaithe nua amháin agus go foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu le haschur rátaithe éifeachtach teasa le haghaidh córais téimh nó le haghaidh córais i gcomhair téamh spáis agus aerála os cionn 290 kW, agus ba cheart go mbainfeadh sé le foirgnimh neamhchónaithe nua agus le foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu le haschur rátaithe éifeachtach le haghaidh córais aerchóirithe nó le comhchórais aerchóirithe agus aerála os cionn 290 kW, i gcás inarb indéanta go teicniúil agus go heacnamúil.

Is oth go mór leis an gCróit gur cuireadh na forálacha thuasluaite isteach gan an leibhéal uaillmhéine is fearr, staid an gheilleagair ná leibhéil éagsúla na forbartha teicneolaíche sna Ballstáit a chur san áireamh. Dá bhrí sin, beidh an Chróit ag staonadh ó vótáil nuair a bheidh an treoir athbhreithnithe maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh le glacadh.